2025/2415

28.11.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2415 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Samhain 2025

maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar sa Rómáin agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1767

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 8176)

(Is é an téacs Rómáinise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 259(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar víreasach tógálach é an bholgach caorach agus an bholgach gabhar a bhíonn ar ainmhithe de chineál caorach nó de chineál gabhair agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta, rud a chuirfeadh isteach ar ghluaiseacht choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus a dtáirgí laistigh den Aontas agus ar onnmhairí go tríú tíortha. I gcás ráig den bholgach caorach agus den bholgach gabhar in ainmhithe de chineál gabhair nó de chineál caorach, tá riosca tromchúiseach ann go leathfadh an galar sin go bunaíochtaí eile ainmhithe de chineál gabhair nó de chineál caorach.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ([2]) forlíontar na rialacha maidir le rialú na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2016/429, agus a shainmhínítear mar ghalair de chatagóirí A, B agus C i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([3]). Go háirithe, déantar foráil le hAirteagail 21 agus 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 maidir le crios srianta a bhunú i gcás ráig de ghalar de chatagóir A, lena n-áirítear an bholgach caorach agus an bholgach gabhar, agus maidir le bearta áirithe a bheidh le cur i bhfeidhm ann. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 21(1) den Rialachán Tarmligthe sin go gcuimseofar leis an gcrios srianta crios cosanta, crios faireachais, agus, más gá, crios srianta breise timpeall na gcriosanna cosanta agus faireachais nó cóngarach dóibh.

(3) Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1767 ón gCoimisiún ([4]) faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2016/429 agus leagtar síos leis bearta éigeandála áirithe a bhaineann le hionfhabhtú leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar sa Rómáin. Go sonrach, foráiltear le hAirteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1767, maidir leis an gcrios srianta, lena gcuimsítear criosanna cosanta agus faireachais, atá le bunú ag údarás inniúil an Bhallstáit sin, i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, go gcuimseoidh an crios sin ar a laghad na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin, agus maidir leis na bearta is gá a chur i bhfeidhm sna criosanna cosanta agus faireachais, go bhfuil na criosanna sin le cur i bhfeidhm ar a laghad go dtí na dátaí a liostaítear san Iarscríbhinn sin.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/687/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coiscthe agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm i leith catagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil riosca suntasach ag gabháil leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1882/oj).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1767 ón gCoimisiún an 27 Lúnasa 2025 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar sa Rómáin agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1406 (IO L, 2025/1767, 29.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1767/oj).

(4) Tar éis ráigeanna breise den bholgach caorach agus den bholgach gabhar i gcontaetha Teleorman agus Olt sa Rómáin, leasaíodh an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1767 le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1954 ón gCoimisiún ([5]).

(5) Ón 24 Deireadh Fómhair 2025 ar aghaidh, tá deireadh curtha ag údarás inniúil na Rómáine leis na bearta uile a leagtar síos i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1767, ós rud é gur tugadh fógra don Choimisiún an 5 Meán Fómhair 2025 faoin ráig dheireanach den bholgach caorach agus den bholgach gabhar sa Bhallstát sin roimh an dáta sin. Scoir an ceann deireanach de na bearta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1767 d'fheidhm a bheith aige ón 24 Deireadh Fómhair 2025 ar aghaidh, agus ní raibh aon ráig nua ann go dtí an dáta sin.

(6) An 17 Samhain 2025 thug an Rómáin fógra don Choimisiún faoi dhá ráig nua den bholgach caorach agus den bholgach gabhar i mbunaíochtaí inar coimeádadh ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair, bunaíochtaí atá lonnaithe i gcontaetha Dolj agus Teleorman. Mar fhreagairt ar na ráigeanna nua sin, tá crios srianta bunaithe ag an Rómáin, lena gcuimsítear criosanna cosanta agus faireachais, ina gcuirtear i bhfeidhm na bearta ginearálta rialaithe galar a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, chun leathadh breise an ghalair sin a chosc.

(7) Chun aon chur isteach nach bhfuil gá leis ar thrádáil laistigh den Aontas a chosc agus chun nach bhforchuirfidh tríú tíortha bacainní gan údar ar thrádáil, is gá suíomh agus fad an chreasa shrianta sin i gcás na bolgaí caorach agus na bolgaí gabhar a shainaithint go tapa ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, an liosta de limistéir nach mór crios srianta a bhunú sa Rómáin iontu i leith na bolgaí caorach agus na bolgaí gabhar, mar aon leis an bhfad atá beartaithe do na criosanna sin, ba cheart iad sin a leagan amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

(8) Tá méid na gcriosanna cosanta agus faireachais agus fad na mbeart atá le cur i bhfeidhm sna criosanna sin bunaithe ar na critéir a leagtar amach in Airteagal 64(1) de Rialachán (AE) 2016/429, lena n-áirítear an staid eipidéimeolaíoch a mhéid a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar sna limistéir atá buailte ag an ngalar sin, agus staid eipidéimeolaíoch fhoriomlán na bolgaí caorach agus na bolgaí gabhar sa Bhallstát lena mbaineann an galar sin, mar aon leis an leibhéal riosca maidir le leathadh breise an ghalair, agus tá siad i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687. Cuirtear caighdeáin idirnáisiúnta an Chóid um Shláinte na nAinmhithe Talún ón Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (WOAH) ([6]) san áireamh freisin agus fad na mbeart á chinneadh.

(9) Ar mhaithe le soiléireacht reachtaíocht an Aontais, is iomchuí Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1767 a aisghairm, ós rud é go gcuirfear na bearta a leagtar síos sa Chinneadh seo in ionad na mbeart éigeandála a leagtar síos sa Chinneadh sin.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Áiritheoidh an Rómáin an méid seo a leanas:

(a) bunófar láithreach crios srianta lena gcuimsítear crios cosanta agus crios faireachais i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus faoi na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal sin;

(b) cuimseofar leis na criosanna cosanta agus faireachais dá dtagraítear i bpointe (a) ar a laghad na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo;

(c) maidir leis na bearta is gá a chur i bhfeidhm sna criosanna cosanta agus faireachais, cuirfear i bhfeidhm iad ar a laghad go dtí na dátaí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1954 ón gCoimisiún an 22 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1767 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar sa Rómáin (IO L, 2025/1954, 26.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1954/oj).

([6]) https://www.woah.org/en/what-we-do/standards/codes-and-manuals/terrestrial-code-online-access/.

Airteagal 2

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1767.

Airteagal 3

Is chuig an Rómáin a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Samhain 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Olivér VÁRHELYI
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Criosanna cosanta agus faireachais a bhunaítear timpeall ar na ráigeanna deimhnithe

An réigiún agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Rómáin dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh siad infheidhme go dtí
Contae Dolj RO-CAPRIPOX-2025-00024	Protection zone: Those parts of Dolj county, contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 43.880631, Long. 23.706794 (2025/24).	9.12.2025
	Surveillance zone: Those parts of Dolj county, contained within a circle of a radius of 10 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 43.880631, Long. 23.706794 (2025/24), excluding the areas contained in the protection zone.	18.12.2025
	Surveillance zone: Those parts of Dolj county, contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 43.880631, Long. 23.706794 (2025/24).	10.12.2025-18.12.2025
Contae Teleorman RO-CAPRIPOX-2025-00025	Protection zone: Those parts of Teleorman county, contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 43.810743, Long. 25.373924 (2025/25).	13.12.2025
	Surveillance zone: Those parts of Teleorman county, contained within a circle of a radius of 10 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 43.810743, Long. 25.373924 (2025/25), excluding the areas contained in the protection zone.	22.12.2025
	Surveillance zone: Those parts of Teleorman county, contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 43.810743, Long. 25.373924 (2025/25).	14.12.2025-22.12.2025